ADMHÁIL FÁLA

Admháil go bhfuarthas ilghearán faoi shárú líomhnaithe a bheith déanta ag an Liotuáin ar rialacha an Aontais Eorpaigh maidir le sláinte agus sábháilteacht ceirde

Uimhir thagartha: COM (2022) 00390.

Tá líon mór gearán faighte ag an gCoimisiún Eorpach maidir le sárú líomhnaithe a bheith déanta ag an Liotuáin ar Airteagal 6(5) de Threoir 89/391/CEE ón gComhairle an 12 Meitheamh 1989 maidir le bearta a thabhairt isteach chun feabhsuithe a spreagadh i sábháilteacht agus sláinte oibrithe ag an obair.

Rinne an Coimisiún na gearáin sin a iontráil i gclárlann lárnach na ngearán faoin uimhir thagartha CHAP(2022) 00390. Is féidir tuilleadh faisnéise faoin ngearán atá agat a chur faoi bhráid na bpointí teagmhála a liostaítear anseo. Is ceart an uimhir thagartha a luaitear thuas a chur san áireamh.

Ós rud go bhfuil líon suntasach gearán faighte ag an gCoimisiún maidir leis an ábhar seo, tá an admháil fála seo á foilsiú aige ar an leathanach ábhartha de shuíomh gréasáin Europa d'fhonn freagairt thapa a thabhairt ar na daoine sin lena mbaineann agus iad a chur ar an eolas, agus an pobal i gcoitinne á chur san áireamh a bhféadfadh leas a bheith acu sa tsaincheist atá na gearánaigh a ardú. Is ar an mbealach céanna a gcuirfear na gearánaigh ar an eolas faoi thorthaí an scrúdaithe atá á dhéanamh ag an gCoimisiún ar na gearáin sin agus faoi aon bheart leantach a chinnfidh an Coimisiún a dhéanamh.

Déanfaidh an Coimisiún an gearán a mheas i bhfianaise an dlí is infheidhme de chuid an Aontais Eorpaigh agus i gcomhréir leis na tosaíochtaí forfheidhmiúcháin a leagtar síos sa Teachtaireacht ón gCoimisiún '*EU law: Better Results through Better Application*' [Dlí an Aontais: Torthaí níos fearr a bhuí le cur i bhfeidhm níos fearr].

Tabhair do d'aire, má chinneann an Coimisiún gníomhú tar éis do ghearán a fháil, lena n-áirítear tús a chur le nós imeachta foirmiúil um shárú, is é an aidhm a bhíonn aige i gcoitinne a áirithiú go bhfuil dlí an Bhallstáit i gcomhréir le dlí an Aontais Eorpaigh agus go bhfuil sé á chur i bhfeidhm i gceart. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé nach réiteach ar do chás sainiúil féin é gearán a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Chun sásamh a fháil, cúiteamh san áireamh má tá sin dlite duit, ba cheart duit dul chun caingne ar an leibhéal náisiúnta sa Bhallstát lena mbaineann. Nuair a chuirtear gearán faoi bhráid an Choimisiúin, ní chuirtear siar an teorainn ama le tús a chur le caingean dlí faoin dlí náisiúnta. Ina theannta sin, agus an Coimisiún ag feidhmiú na lánrogha atá aige, féadfaidh sé a chinneadh gan tús a chur le nósanna imeachta foirmiúla um shárú, fiú má mheasann sé gur sáraíodh dlí an Aontais.

Is é an réamhshocrú atá ann gur faoi rún a dhéileálfaidh seirbhísí an Choimisiúin le do ghearán. An cás ina roghnódh gearánach san fhoirm ghearáin nach faoi rún a dhéileálfaí lena chuid sonraí, sin é an t-aon chás amháin ina bhféadfadh ranna an Choimisiúin céannacht an ghearánaigh maille le haon fhaisnéis eile a chuir an gearánach sin faoina mbráid a nochtadh d'údaráis an Bhallstáit a ndearnadh an gearán ina choinne. D'fhéadfadh sé bheith fíor-riachtanach go nochtfadh ranna an Choimisiúin céannacht an ghearánaigh i gcásanna áirithe chun déileáil leis an ngearán.

Tá sainráiteas príobháideachais i bhfeidhm maidir le láimhseáil na ngearán.